



T BÍ LINN

Feasacht a Mhéadú maidir le Cearta Leanaí i measc Leanaí agus Daoine Óga

**Comhairliúchán le Leanaí agus Daoine Óga
reáchtáilte ag an Ombudsman do Leanaí
Meán Fómhair — Samhain 2016**

**Ábhair Acmhainne
do Scoileanna**

Clár na nÁbhar

Eolas Réamhráiteach

- Litir go Príomhoidí agus Múinteoirí
ón Ombudsman do Leanaí 1
- Conas na hÁbhair Acmhainne seo a úsáid –
Eolas do Mhúinteoirí 2
- Litir go Tuistí/Caomhnóirí ón
Ombudsman do Leanaí 4

Comhad Fíricí do Mhúinteoirí

- Comhad Fíricí: Oifig an Ombudsman do Leanaí 5
- Comhad Fíricí: Bunreacht na hÉireann 7
- Comhad Fíricí: Coinbhinsiún na NA um
Chearta an Linbh 8

Gníomh 1: Cas leis an Ombudsman do Leanaí 10

Gníomh 2: Cearta i rith an Lae 15

Gníomh 3: Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin 21

Bileog Aiseolais le seoladh ar ais chuig an OCO 27

A Phríomhoide agus a Mhúinteoirí



Tá áthas mór orm go bhfuil de chumas agaibh tacú le roinnt do na leanaí/daoine óga lena n-oibríonn sibh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán *Bí Linn*. Is mór agam bhur gcuid cúnaimh agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh.

Faoi mar a mhínigh mé sa litir i mí Bealtaine, tá na rólí agam mar Ombudsman do Leanaí leagtha amach in Acht an Ombudsman do Leanaí 2002. I measc na ndualgas orm faoin Acht seo, ní mór dom feasacht a chur chun cinn maidir le cearta agus leas leanaí, i measc leanaí agus daoine óga chomh maith, agus maidir le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Ceann de na dualgais a gheobhaidh tús áite uaim thar an chéad trí bliana eile ná tionscnaimh a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh feasacht agus tuiscint ar chearta leanaí a threisiú, i measc leanaí agus daoine óga chomh maith. Braithim féin is an fhoireann agam go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an obair a dhéanaimid chun cur le gníomhartha OCO sa réimse seo stiúrtha ag dearcthaí agus smaointe na leanaí agus na ndaoine óga féin.

Tá na hábhair acmhainne seo forbartha againn chun tacú libh i bhur gcuid oibre agus sibh ag cuidiú le leanaí/daoine óga a ndearcthaí agus a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na slite inar féidir liomsa agus an fhoireann agam feasacht agus tuiscint ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga a chur chun cinn.

Áirithe sna hábhair acmhainne seo, tá trí ghníomh. Is é is aidhm don chéad cheann ná eolas a thabhairt do leanaí agus daoine óga mar gheall ar an obair a bhíonn ar siúl agam mar Ombudsman do Leanaí chun go dtuigfidh siad cé atá ag iarraidh éisteacht leo agus foghlaim óna gcuid tuairimí. Cuireann an dara gníomh cearta leanaí i láthair do leanaí agus daoine óga, chomh maith le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Díríonn an tríú gníomh ar thacú leis na leanaí agus daoine óga páirteacha a gcuid smaointe féin a roinnt i dtaca leis an gcur chuige is fearr, dar leo, ar féidir liomsa feasacht agus tuiscint ar chearta leanaí a mhéadú i measc leanaí agus daoine óga.


Tuigimid go bhfuil sibh an-ghnóthach ar fad leis na dualgais go léir atá oraibh i bhur gcuid oibre. Tá na hábhair seo forbartha againn chun tacú le tréithe múinteoireachta agus foghlama san oideachas bunscoile agus meánscoile chun gur féidir leat díriú ar Ghníomh 3 go hiomlán, más gá. Tuigimid chomh maith go mb'fhéidir go mbeidh oraibh na gníomhartha a chur in oiriúint chun freastal ar aoiseanna, inniúlachtaí, stíleanna foghlama agus mianta pearsanta na leanaí/daoine óga lena mbíonn sibh ag obair. Mholfaimis daoibh pé oiriúnú is gá a dhéanamh ar na gníomhartha agus tá súil againn go gcabhróidh an t-eolas atá ar fáil sna hábhair acmhainne libh sa mhéid sin.

Bheimis buíoch dá bhféadfaí an bhileog aiseolais a liostaíonn príomhthuaisirí na leanaí/ndaoine óga a sheoladh ar ais againn ar nó roimh an 30 Samhain 2016. Nuair a bheidh torthaí an chomhairliúcháin *Bí Linn* bailithe againn agus machnamh déanta againn orthu, roinnfidh na torthaí libhse agus leis na leanaí/daoine óga a ghlac páirt ann. Tá súil againn dul i dteagmháil libh roimh dheireadh Eanáir 2017.

Má tá aon cheist agaibh maidir leis an gcomhairliúchán seo agus más féidir linn cabhrú libh, téigí i dteagmháil le consultation@oco.ie nó cuir glao ar (01) 8656800.

Míle buíochas arís as bhur gcúnamh agus bhur dtacaíocht.

Is mise, le meas



Niall Muldoon
An tOmbudsman do Leanaí
Meán Fómhair 2016

Conas na hÁbhair Acmhainne seo a úsáid – Eolas do Mhúinteoirí

Chruthaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí na hábhair acmhainne seo chun tacú le múinteoirí atá ag cuidiú le leanaí agus daoine óga bheith páirteach inár gchomhairliúchán *Bí Linn*. Seans go mbeidh seo a leanas ina threoir úsáideach daoibh agus sibh ag úsáid na n-ábhar:

Litir go Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Seans gur mhaith le Tuismitheoirí/Caomhnóirí na leanaí agus daoine óga atá ag glacadh páirte sa chomhairliúchán *Bí Linn* tuilleadh eolais a fháil ina thaobh. Tá litir go tuismitheoirí/caomhnóirí curtha isteach againn ón Ombudsman do Leanaí, Niall Muldoon, a chuireann eolas ar fáil maidir leis an gchomhairliúchán agus conas mar a nascann sé le hobair an OCO. Seans gur mhaith leat cóip den litir seo a thabhairt do gach leanbh/duine óg atá páirteach ann dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Póstaeir agus Comhaid Fíricí do Mhúinteoirí

Cuimsithe sna hábhair seo tá póstaeir mar gheall ar an OCO agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC). Tá trí Chomhad Fíricí ann chomh maith a thugann cúlra agus eolas duit mar gheall orthu seo:

- Oifig an Ombudsman do Leanaí;
- Bunreacht na hÉireann;
- Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Na Gníomhartha

Tá trí ghníomh sna hábhair seo:

- **Gníomh 1:** is é is aidhm dó seo ná obair an Ombudsman do Leanaí agus an OCO a chur i láthair do leanaí agus daoine óga chun go mbeidh aithne acu siúd atá páirteach sa chomhairliúchán *Bí Linn* ar na daoine atá ag iarraidh a gcuid dearchtaí agus tuairimí a chloisteáil.
- **Gníomh 2:** Is éard atá i gceist leis seo ná cearta leanaí a shoiléiriú do leanaí agus daoine óga agus naisc a chruthú idir cearta leanaí faoin UNCRC agus saol na ndaoine rannpháirteacha.
- **Gníomh 3:** is é seo an príomhghníomh sa chomhairliúchán *Bí Linn*. Díríonn sé ar chuidiú le leanaí agus daoine óga a gcuid smaointe mar gheall ar an tslí is fearr, dar leo, go bhféadfadh an OCO aghaidh a thabhairt ar obair amach anseo chun feasacht ar chearta leanaí a scaipeadh i measc leanaí agus daoine óga.

Bileog Aiseolais le seoladh ar ais chuig an OCO

Tugtar bileog aiseolais chun an deis a thabhairt na príomhthuírimí roinnte ag na leanaí/daoine óga sa rang agaibh a thaifeadadh. Má tá níos mó ná rang amháin ag glacadh páirte sa chomhairliúchán, seol ar ais bileog ar leith do gach rang atá páirteach sa chomhairliúchán, le bhur dtoil. **Seol ar ais an bhileog/na bileoga aiseolais chuig an OCO ar dháta nach déanaí ná an 30 Samhain 2016** agus chuig an seoladh seo a leanas: **Oifig an Ombudsman do Leanaí, Teach na Mílaoise, 52-56 Sráid na Trá Mhór, BÁC 1.**

Na Gníomhartha a Chur In Oiriúint

Tuigimid, ón taithí atá againn ar bheith ag obair le leanaí i gcomhthéacs ár gclár oideachais féin, nach bhfuil slí uilíoch amháin ann a oibreodh i ngach aon suíomh. Dá bharr sin, seans go mbeidh ort na gníomhartha a chur in oiriúint do chúinsí do ranga féin, mar shampla aoiseanna, inniúlachtaí, stíleanna foghlama agus roghnachais na leanaí/ndaoine óga lena mbíonn tú ag obair. Tá sé seo amhlaidh go háirithe i gcás múinteoirí ar mhian leo leanaí níos óige, i ranganna sóisearacha sa bhunscoil, a bheith páirteach sa chomhairliúchán. Más gá duit, nó más mian leat na gníomhartha a athrú, tá súil againn go mbeidh na póstaeir, na comhaid fíricí agus an t-eolas atá curtha ar fáil faoi gach gníomh, ina gcabhair daoibh. Tá roinnt moltaí i ngach ceann de na gníomhartha leis faoi conas a d'fhéadfaí oiriúnú nó leathnú a dhéanamh orthu.

Gníomh 3

Tuigimid go mbíonn múinteoirí an-ghnóthach ar fad agus go bhfuil an t-am ar féidir libh na leanaí/daoine óga a thabhairt isteach sa chomhairliúchán seo teoranta. **Maidir leis an gcomhairliúchán féin, an príomhghníomh atá ann ná Gníomh 3.** Mura bhfuil an t-am agaibh gach ceann de na gníomhartha a dhéanamh agus/nó má tá na leanaí/daoine óga eolach a ndóthain ar chearta leanaí agus obair an OCO, seans gurbh fhearr duit díriú ar Gníomh 3 amháin agus an t-eolas atá sna hábhair seo a úsáid chun an gníomh a chur i láthair ar na bealaí seo:

- míniú gairid a thabhairt ar cé hé/hí an tOmbudsman do Leanaí agus cad a dhéanann an OCO;
- a chinntiú go dtuigeann na leanaí/daoine óga cad is “ceart” ann;
- soiléiriú a thabhairt ar an UNCRC, cad iad na cearta atá ag leanaí faoin UNCRC agus conas mar atáthar tiomanta do mheas, cosaint agus aitheantas a thabhairt do na cearta seo do leanaí agus daoine óga faoi bhun aois a 18 atá ag maireachtáil in Éirinn.

Naisc le Curaclaim na Bunscoile agus na hIarbhunscoile

Tá na hábhair seo forbartha le foghlaim agus múineadh curaclaim ar intinn againn. Tacaíonn na hábhair seo le leanaí agus daoine óga agus iad ag iniúchadh ceart agus freagrachtaí i gcomhthéacs CSPS, OSSP an Teastais Shóisearaigh, an chlár Staidéir Shóisialta ATF (gnéithe de Mhodúil 3 agus 5) agus t-ábhar nua i bPolaitíocht agus Sochaí sa tSraith Shinsearach (Snáithe 3, Topaic 5). D'fhéadfadh comheagraithe Idirbhliana na hábhair a úsáid mar bhonn tionscadail Idirbhliana.

Táim ag scríobh chugat mar go bhfuil scoil do linbh ag cuidiú le do leanbh féin agus le daltaí eile bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin atá á chur ar bun agamsa agus m'fhoireann anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO).

An t-ainm atá ar an gcomhairliúchán ná *Bí Linn*. Is é is aidhm dó ná a fháil amach cad a cheapann leanaí agus daoine óga ar fud na tíre gur chóir dúinne a dhéanamh chun feasacht mar gheall ar chearta leanaí a spreagadh i measc leanaí agus daoine óga amach anseo. Comhlánaíonn na hábhair atá forbartha againn, a chuidíonn le leanaí agus daoine óga páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo, gnéithe áirithe den mhúineadh agus den fhoghlaím churaclaim san oideachas bunscoile agus iarbhunscoile.

Mar Ombudsman do Leanaí, tá dhá phríomhról agam atá leagtha amach sa dlí san Acht um Ombudsman do Leanaí 2002. Seo a leanas na ról sin: cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn, agus déileáil le haon ghearán a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó daoine eile ar a son, mar gheall ar iompar eagraíochtaí poiblí.

San obair seo trína mbíonn cearta agus leas leanaí á gcur chun cinn agam, bíonn de dhualgas ó thaobh dlí orm feasacht a chur chun cinn maidir le gnóthaí a bhfuil baint acu le cearta leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Ceann de na tosaíochtaí thar an chéad trí bliana eile ná cur leis an obair atá déanta ag an OCO sa réimse seo go nuige seo. Tá an comhairliúchán *Bí Linn* á dhéanamh againn mar gur mian liomsa agus le m'fhoireann go méadódh ár gcuid oibre amach anseo feasacht agus tuiscint ar chearta leanaí i measc na leanaí agus na ndaoine óga féin.

Iarrann daoine orainn go minic cá háit a ndéantar sainiú ar chearta leanaí. Tá dhá phríomhphointe tagartha ann maidir le cearta leanaí in Éirinn: Bunrecht na hÉireann, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, atá ina chomhaontú idirnáisiúnta i dtaca le cearta leanaí a ndearna Éire é a shíniú i 1992.


Tá méadú feasachta agus tuisceana ar cad é go díreach atá i gceist le cearta leanaí ina chuid thábhachtach d'obair an OCO i gcinntiú go ndéantar meas a léiriú ar leanaí, go ndéileáiltear go cóir leo agus go n-aithnítear a gcearta agus iad ag fás aníos.

Mar Oifig, déileálaimid le gearáin faoi conas a dhéanann an Stát seirbhísí do leanaí a sholáthar. Tríd iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin feicimid conas is féidir le heaspa feasachta agus tuisceana damáiste a dhéanamh i saol leanaí agus a dteaghlaigh. Chonaiceamar eagraíochtaí poiblí ag déanamh cinntí nár tugadh tús áite do leas an linbh iontu. Agus d'aimsíomar nach dtugtar an deis do leanaí go minic a dtuairimí a léiriú maidir le cinntí a thógtar ar a son.

Ónár gcuid oibre, tuigimid gurb iad a dtuismitheoirí na tacadóirí is mó atá ann do chearta a leanaí. Tromlach mór den 12,000 gearán a tháinig isteach chuig an OCO, is ó thuismitheoirí ar son a leanaí a tháinig siad. Tríd seo agus obair eile a dhéanaimid, aithnímid na bealaí éagsúla ina ndéanann tuismitheoirí, teaghlaigh agus gairmithe ar fud na tíre cearta leanaí a chosaint, faoi choinníollacha dúshlánacha uaireanta.

Má tá tuilleadh eolais uait mar gheall ar an obair a bhíonn ar siúl againn nó má tá aon cheist agat orainn, téigh chuig ár suíomh gréasáin **www.oco.ie**, cuir ríomhphost chugainn ar **oco@oco.ie** nó glaoigh orainn ar **(01) 865 6800**.

Is mise, le meas



Niall Muldoon
An tOmbudsman do Leanaí

Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO)



- I ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta, ina raibh ról tábhachtach ag leanaí agus daoine óga, cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín, Niall Muldoon le bheith ina Ombudsman do Leanaí i mí Feabhra 2015.
-  Tagann an focal 'Ombudsman' ó Chríoch Lochlann. An míniú ar 'Ombuds' san fhocal ná cosantóir ceart agus 'man' ná an cine daonna. Is éard is ról an Ombudsman ann ná leas daoine aonair nó grúpaí a chosaint trí eagraíochtaí poiblí a choimeád cuntasach as a gcuid gníomhartha agus cinntí. I gcás an Ombudsman do Leanaí in Éirinn, na daoine a bhaineann tairbhe as a c(h)uid oibre ná leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn.
- Cuireadh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ar bun sa bhliain 2004 faoi dlí – an tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002 ('Acht 2002'). Faoi dlí seo, tá dhá phríomhról ag an Ombudsman do Leanaí:
 - 1 cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn;
 - 2 déileáil le gearáin déanta ag, nó thar ceann, leanaí agus daoine óga maidir le gníomhartha eagraíochtaí poiblí.
- Éilíonn Acht 2002 go mbeadh an tOmbudsman do Leanaí neamhspleách ina c(h)uid oibre agus é/í i mbun an dá ról seo a chomhlíonadh. Mar Ombudsman do Leanaí, tá Niall Muldoon cuntasach go díreach don Oireachtas as obair OCO an dá ról seo a chur i bhfeidhm.

▪ Cearta agus Leas leanaí a chur chun cinn

Agus é ag cur cearta agus leas leanaí chun cinn, tá de dhualgas ar an OCO faoi dlí roinnt rudaí áirithe a dhéanamh. Is iad sin:

- feasacht phoiblí maidir le cearta agus leas leanaí a mhéadú, i measc leanaí agus daoine óga, Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh san áireamh;
- dul i gcomhar le leanaí agus daoine óga chun béim a chur ar mhórchéistean a bhaineann le cearta agus leas leanaí a bhfuil leanaí iad féin buartha fúthu, agus iad seo a chur faoi bhráid an Rialtais agus daoine eile a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar acu ar shaol leanaí agus daoine óga;
- comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le haon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear forbairtí sa dlí agus i mbeartais phoiblí; agus
- eagraíochtaí poiblí a spreagadh le bheith ag obair ar shlite a chuireann cearta agus leas leanaí chun cinn.

Féadann an OCO taighde a dhéanamh, a choimisiúnú nó a fhoilsiú maidir le haon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

▪ Déileáil le Gearáin

I gcás an róil láimhseála gearán san OCO:

- Féadann leanaí agus daoine óga, nó daoine thar a gcinn féin, gearáin a dhéanamh leis an OCO.
- Féadann an OCO imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le gníomhartha áirithe ('gníomhartha riaracháin') eagraíochtaí poiblí a raibh, nó a bhfuil, tionchar diúltach acu ar leanbh.
- Áirítear sna heagraíochtaí poiblí ar féidir leis an OCO glacadh le gearáin ina dtaobh: ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, seirbhísí sláinte, scoileanna, seirbhísí oibre sóisialta agus údaráis áitiúla.
- Is seirbhís saor in aisce í seirbhís láimhseála gearán an OCO.
- Agus imscrúdú á dhéanamh aige ar ghearáin, bíonn an OCO neamhspleách. Tá sé neamhchlaonta chomh maith: ní bhíonn sé mar thacadóir linbh amháin nó mar choimhlinteoir don eagraíocht faoinar cuireadh isteach an gearán.
- Nuair atá an OCO ag déileáil le gearáin, tá de dhualgas air tús áite a thabhairt do leas an linbh. Ní mór dó mianta an linbh a chur san áireamh chomh maith, chomh fada agus is féidir agus le haois agus leibhéal tuisceana an linbh curtha san áireamh.
- Mar oifig ombudsman, tá an OCO ann mar rogha deiridh do ghearáin. Dá réir sin, aithníonn an OCO gnáis ghearáin áitiúla. Cuireann sé réiteach gearán áitiúil chun cinn chomh maith.
- Ó bunaíodh an OCO sa bhliain 2004, tá os cionn 12,000 gearán tagtha isteach chuige.
- Tagann tromlach suntasach de na gearáin a thagann chuig an OCO gach bliain ó thuismitheoirí thar ceann a leanaí. Déanann gaolta leanaí, gairmithe (e.g. príomhoidí, múinteoirí, oibrithe sóisialta, gairmithe sláinte) gearáin chomh maith agus daoine óga iad féin, freisin.
- Baineann na gearáin a thagann isteach chuig an OCO le raon leathan mórcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar leanaí, lena n-áirítear mórcheisteanna i réimsí oideachais, cosaint leanaí, cúram malartach, tacaíocht teaghlaigh, cúram leanaí, cúram sláinte, tithíocht agus ceartas.
- I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar ghearán, féadann an OCO moltaí a thabhairt don eagraíocht phoiblí atá i gceist. Cé nach bhfuil na moltaí seo ina gceangal, ó thaithí an OCO bheith ag déileáil le gearáin tuigtear dóibh go mbíonn eagraíochtaí poiblí oscailte go ginearálta glacadh leis na moltaí a thugann an OCO
- Chun tuilleadh eolais a fháil ar an OCO agus na réimsí éagsúla oibre a bhíonn ar siúl aige, téigh chuig suíomh gréasáin an OCO www.oco.ie

COMHAD FÍRICÍ DO MHÚINTEOIRÍ

Bunreacht na hÉireann

- Achtaithe sa bhliain 1937, is é an Bunreacht an bhun-ionstraim dlí in Éirinn. Leagann sé amach faoi mar is cóir Éire a rialú agus sonraítear ann cearta shaoránaigh na hÉireann.
- Sainíonn agus sonraíonn an Bunreacht na príomhinstitiúidí i Stát na hÉireann. Roinntear an chumhacht an Stát a Rialú ina dtrí chumhacht ar leith, cumhacht reachtach, cumhacht feidhmiúcháin agus cumhacht bhreithiúnach:
 - Tugann an Bunreacht cumhacht reachtach (an chumhacht dlíthe a chruthú, a leasú agus a bhaint) don Oireachtas, ina bhfuil Dáil Éireann, Seanad Éireann agus an tUachtarán.
 - Tá an chumhacht feidhmiúcháin (an chumhacht le dlíthe a chur i bhfeidhm) ag an Rialtas, le cúnamh ó na gardaí, na fórsaí cosanta agus ón státseirbhís.
 - Tá an chumhacht bhreithiúnach (an chumhacht leis an dlí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcoimhlíní idir an Stát agus daoine aonair agus idir daoine aonair iad féin) ag na cúirteanna.
- Leagann an Bunreacht amach na cearta bunúsacha a bhfuil gach saoránach Éireannach ina dteideal chomh maith. San áireamh sna cearta sin tá comhionannas faoin dlí, saoirse phearsanta, saoirse chreidimh, saoirse tuairimíochta agus ceart chun príobháideachta.
- I measc na n-airteagal sa Bhunreacht a bhfuil baint acu le leanaí tá Airteagail 41 agus 42. Tagraíonn Airteagal 41 don teaghlach agus aithníonn sé go bhfuil áit speisialta sa tsochaí ag an teaghlach. Tagraíonn Airteagal 42 den Bhunreacht don oideachas. Aithníonn sé “gurb é an Teaghlach is múinteoir príomha dúchasach don leanbh” agus sainíonn sé ról an Stáit maidir le hoideachas.
- Más mian leis an Rialtas an Bunreacht a leasú, ní mór dó reifreann a reáchtáil mar gurb iad saoránaigh na hÉireann amháin a bhfuil de cheart acu cinneadh a dhéanamh maidir le hathrú sa Bhunreacht. Má tá tromlach na vótaí a caitheadh i reifreann i bhfabhar an athraithe mholta, síníonn an tUachtarán an Bille ina bhfuil an leasú molta agus déantar leasú ansin ar an mBunreacht.
- An 10 Samhain 2012, cuireadh reifreann ar bun chun airteagal nua a chur isteach a bhaineann le leanaí agus a gcearta faoin mBunreacht. Thacaigh tromlach na vótálaithe a rinne vótáil sa reifreann leis an leasú molta. Cuireadh Leasú Tríocha hAon d’Acht (Leanaí) 2012 na Bunreachta i bhfeidhm sa dlí an 28 Aibreán 2015.
- Glaoitear ‘Leanaí’ ar Airteagal 42A den Bhunreacht. Deir sé: “Admhaíonn agus deimhníonn an Stát cearta nádúrtha dochloíte na leanaí uile” agus gur gá don Stát, chomh fada agus is féidir, cosaint agus dearbhú a thabhairt do na cearta sin ina ndlíthe (42A.1). I measc na n-ábhar a dtugann Airteagal 42A aghaidh orthu, tá:
 - ról an Stáit i ndálaí nach ndéanann tuistí “a ndualgais dá gclann sa mhéid gur dócha go ndéanfar dochar do shábháilteacht nó do leas aon linbh dá gclann” (42A.2.1);
 - foráil a dhéanamh sa dlí d’uchtú leanaí, i ndálaí “...nach ndearna tuistí a ndualgais don leanbh” do thréimhse ama faoi mar atá leagtha amach sa dlí agus nuair a bheadh seo ina leas don leanbh (42A.2.2) chomh maith le socrúchán deonach uchtaithe agus uchtú aon linbh (42A.3);
 - foráil a dhéanamh sa dlí go ndéanfaí tús áite a thabhairt do leas linbh, nó “gur ní ró-thábhachach é barr leasa an linbh”, agus chomh fada agus is féidir, teacht ar dhearcadh an linbh agus aitheantas ceart a thabhairt dó, de réir aois agus aibíochta, in imeachtaí cúraim agus in imeachtaí bainteach le huchtú, caomhnóireacht, coimeád nó rochtain (42A.4.1 ° agus 42A.4.2°).

Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

- Ghlac na Náisiúin Aontaithe le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ('UNCRC') sa bhliain 1989. Cuireann sé an sainmhíniú is fearr go dtí seo ar fáil ar chearta leanaí agus tá beagnach gach tír ar domhan tar éis an Coinbhinsiún a dhaingniú. Dhaingnigh Éire an UNCRC sa bhliain 1992. Nuair a rinneadh seo, cuireadh de dhualgas ar Éirinn faoin dlí idirnáisiúnta meas a léiriú, cosaint a thabhairt agus comhlíonadh a dhéanamh le cearta leanaí faoi mar atá leagtha amach sa Choinbhinsiún. Ní thagann conarthaí de leithéid UNCRC isteach i ndlí na hÉireann gan iad a ionchorpú ag an Oireachtas. Go nuige seo, tá roinnt prionsabal den Choinbhinsiún ionchorpaithe go pointe áirithe i ndlí na hÉireann i réimsí áirithe a mbeadh tionchar acu ar leanaí.
- Sainíonn an UNCRC an leanbh mar "dhuine daonna faoi bhun 18 mbliana d'aois", agus aithníonn sé gur sealbhóirí cirt iad leanaí atá i dteideal cúram, cúnamh agus cosaint speisialta a fháil de bharr a n-aoise agus a gcéime forbartha.
- Soiléiríonn Brollach an UNCRC go bhfuil seo a leanas i gceist in aithint ceart leanaí:
 - meas a léiriú ar dhínit agus luach bunúsach linbh;
 - coinníollacha maireachtála feabhsaithe agus mianach saoil níos fearr don leanbh a chur chun cinn;
 - cosaint agus tacaíocht a thabhairt don teaghlach mar "ghrúpa bunúsach sa tsochaí" agus mar "an timpeallacht nádúrtha a chothaíonn fás agus leas" linbh;
 - a aithint gur chóir do leanaí "fás aníos i dtimpeallacht teaghlaigh, agus in atmaisféar sona, grámhar agus tuisceanach";
 - tacú le leanaí le go nglacfaidh siad leis na prionsabail "síocháin, dínit, caoinfhulaingt, saoirse, comhionannas agus dlúthpháirtíocht";
 - a aithint go bhfuil leanaí ar fud an domhain a bhfuil cosaint speisialta ag dul dóibh mar go maireann siad i ndálaí fíordheacra.
- Sainíonn an UNCRC cad iad na cearta atá ag leanaí. Leis seo déanta acu, cuireann an Coinbhinsiún radharc iomlánaíoch chun cinn de shaol agus riachtanais leanaí: tuigtear go bhfuil na cearta atá leagtha amach sa UNCRC idirspealach agus ar chomhthábhacht.
- Ceaptar go bhfuil ceithre cheart sa UNCRC riachtanach chun gur féidir cloí le cearta eile an Choinbhinsiúin. 'Prionsabail Ghinearálta' an Choinbhinsiúin a ghlaoitear orthu, is iad sin:
 - an ceart ag leanaí nach ndéanfaí leatrom orthu ar aon chúis (Airteagal 2);
 - an ceart ag leanaí go ndéanaí barr a leasa a chur mar thosaíocht i ngach cinneadh a mbeadh tionchar aige orthu (Airteagal 3);
 - ceart beatha, marthana agus forbartha an linbh (Airteagal 6);
 - ceart an linbh a dtuairimí a chur in iúl i ngnóthaí a mbeadh tionchar acu orthu agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta (Airteagal 12).
- Cuireann an UNCRC oibleagáid ar an Stát gach beart cuí a dhéanamh chun cearta leanaí a chur i bhfeidhm faoi mar a aithnítear sa Choinbhinsiún (Airteagal 4). Cuimsithe in oibleagáidí an Stáit maidir leis seo tá meas ar chearta tuismitheoirí agus tacú le tuismitheoirí a róil agus a bhfreagrachtaí i leith a leanaí a chomhlíonadh.

- Tá painéal saineolaithe idirnáisiúnta ar chearta leanaí darbh ainm Coiste na NA um Chearta an Linbh freagrach as monatóireacht agus measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na Stáit, Éire ina measc, i gcás a n-oibleagáidí do leanaí faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh. I ndiaidh dóibh an UNCRC a dhaingniú sa bhliain 1992, tháinig Éire os comhair Choiste na NA um Chearta an Linbh i 1998 agus arís sa bhliain 2006. Chuaigh Éire an tríú huair roimh Choiste na NA um Chearta an Linbh in Eanáir 2016. I ndiaidh an chruinnithe sin, d'fhoilsigh Coiste na NA a mbreithnithe ar dhul chun cinn na hÉireann a moltaí d'Éirinn maidir leis an méid a d'fhéadfaimis a dhéanamh sna blianta beaga romhainn chun go bhféadfaí tuilleadh measa, cosanta agus comhlíonta a thabhairt do chearta leanaí. Tá Éire lena céad tuairisc thréimhsiúil eile a chur faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Linbh sa bhliain 2021.

▪ Tuilleadh Eolais:

- Más mian leat go ndéanfaidh na leanaí/daoine óga lena bhfuil tú ag obair iniúchadh níos doimhne ar chearta leanaí faoin UNCRC, féadann an suíomh gréasáin *It's Your Right* OCO – www.itsyourright.ie – cabhrú libh. Cuireann sé eolas agus dearchtaí ar chearta leanaí ar fáil i bhformáidí éagsúla (téacs, íomhá, fuaim, físeán) chomh maith le naisc chuig raon leathan suíomhanna gréasáin agus ábhair acmhainne oideachais eile a d'fhéadfadh cabhrú leat i do chuid oibre in iniúchadh a dhéanamh ar mhórchéisteanata ata bainteach le cearta leanaí.
- Tá téacs iomlán Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar fáil anseo www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx
- Tá achoimre den UNCRC ar fáil ar shuíomh gréasáin an OCO ag www.oco.ie/education-and-human-rights/un-convention-on-the-rights-of-the-child/
- Má mian leat tuilleadh eolais a fháil mar gheall ar Choiste na NA um Chearta an Linbh agus mar gheall ar an bpróiseas monatóireachta ar dhul chun cinn na Stát, Éire ina measc, i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí do leanaí faoin UNCRC, téigh chuig www.ohchr.org/EN/HRBodies/CRC/Pages/CRCIndex.aspx
- Chun breithnithe agus moltaí Choiste na NA maidir le hÉirinn a léamh, a foilsíodh go luath in 2016, téigh chuig documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/GEN/G16/039/97/PDF/G1603997.pdf?OpenElement

Gníomh 1 Cas leis an Ombudsman do Leanaí

Cuspóir

- Feasacht a mhéadú i measc leanaí agus daoine óga ar an Ombudsman do Leanaí agus an obair a bhíonn ar siúl ag Oifig an Ombudsman do Leanaí in Éirinn.
- A chinntiú go dtuigeann leanaí agus daoine óga cé hé/hí an tOmbudsman do Leanaí agus, dá bharr, cé atá ag iarraidh a ndearcthaí a chloisteáil i gcomhthéacs an chomhairliúcháin OCO *Bí Linn*.

Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

- Clár nó smeach-chairt chun moltaí na leanaí/na ndaoine óga a bhreacadh síos
- Cóip den Litir ón Ombudsman do Leanaí do gach leanbh/duine óg
- Cóip de Bileog Thráth na gCeist an Ombudsman do Leanaí do gach grúpa beag leanaí/daoine óga
- Páipéar agus pinn/pinn luaidhe chun go mbeidh na leanaí/daoine óga in ann a bhfreagraí do thráth na gceist a bhreacadh síos
- Cóip den phóstaer mar gheall ar an OCO ar taispeáint sa seomra ranga

Seans go mbeadh sé úsáideach duit an Comhad Fíricí faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí a bheith ar fáil duit mar fhoinse tagartha i rith an ghnímh, má tá gá agat leis.

Céimeanna

Tosaigh mar seo:

- 1 Iarr ar na leanaí/daoine óga samplaí a thabhairt de dhaoine a bhíonn ag obair le nó do leanaí agus daoine óga ina bpoist (e.g. múinteoir, oibrithe óige, dochtúir etc). Déan nóta de na moltaí acu ar an gclár/smeach-chairt.
- 2 Míniú d'aois go bhfuil post ann darbh ainm 'Ombudsman do Leanaí' agus gurb é Niall Muldoon an tOmbudsman do Leanaí atá ann faoi láthair. Faigh amach ar chuala na leanaí/daoine óga faoin Ombudsman do Leanaí nó Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) cheana. Míniú gurb é atá i gceist le hobair an Ombudsman do Leanaí agus an OCO ná cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois in Éirinn a chosaint. Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na leanaí/daoine óga agus scríobh a gcuid moltaí ar an gclár/smeach-chairt:
 - Cad a cheapann tú a dhéanann an tOmbudsman do Leanaí?
 - Cad iad na saghsanna mórchéisteanna nó fadhbanna a chloisfeadh an tOmbudsman agus an OCO agus a mbeadh orthu déileáil leo, meas tú?

Forbair mar seo:

- 3 Tabhair cóip de litir Niall Muldoon do gach leanbh/duine óg. Iarr orthu léamh tríd. Nó ar bhealach eile, d'fhéadfá féin an litir a léamh amach dó na leanaí/daoine óga. Nuair is gá, míniú aon fhocal i litir Niall a bhfuil seans ann nach dtuigfeadh na leanaí/daoine óga.
- 4 Roinn na leanaí/daoine óga ina ngrúpaí beaga. Tabhair cóip den *Bileog Thráth na gCeist* dóibh agus cuir tráth na gceist ar siúl bunaithe ar litir Niall. Soiléirigh na freagraí ar cheisteanna an thráth na gceist leis na leanaí/daoine óga.

Críochnaigh mar seo:

- 5 Nuair atá na freagraí ar cheisteanna an tráth na gceist soiléirithe agat do na leanaí/daoine óga, téigh ar ais chuig a dtuairimí ó thús an ghnímh maidir lenar cheap siad a bhí i gceist leis an Ombudsman do Leanaí agus na mórcheisteanna agus fadhbanna a ndéanann an OCO déileáil leo. Cad iad na rudaí coiteann sna tuairimí acu siúd agus an méid atá ráite ag Niall faoina phost? Cad atá éagsúil?
- 6 Cuir an póstaer maidir leis an OCO ar taispeáint sa seomra ranga. Féadann tú é a úsáid chun a chur i gcuimhne do na leanaí/daoine óga mar gheall ar obair an OCO nuair atá tú ag cuidiú leo a ndearcthaí a chur in iúl mar chuid den chomhairliúchán *Bí Linn*.

Moltaí chun an gníomh seo a oiriúnú

- Mura bhfuil an t-am agat an tráth na gceist ar litir Niall a dhéanamh, seans go bhféadfá roinnt de na ceisteanna a chur ar an rang os ard agus freagraí a fháil uathu siúd os ard.
- In áit litir Niall a úsáid, d'fhéadfá an físeán gearr (3:00 nóiméad) a thaispeáint do na leanaí/daoine óga atá ar shuíomh gréasáin *It's Your Right* an OCO ina labhraíonn Niall mar gheall ar a cheapadh mar Ombudsman do Leanaí agus cuir roinnt ceisteanna ar na leanaí/daoine óga bunaithe ar an bhfíseán sin. Tá an físeán, atá i mBéarla, ar fáil ag www.itsyourright.ie/who-we-are/

Moltaí chun an gníomh a leathnú

- Má tá na leanaí/daoine óga lena bhfuil tú ag obair 11/12 bliana d'aois nó níos sine, d'fhéadfá físeán OCO *My Life is Now* (5:30 nóiméad) a thaispeáint dóibh a thugann cás-staidéar de ghearán a ndearna an OCO déileáil leis. Tá an físeán ar fáil ag www.oco.ie/education-and-human-rights/special-projects/tune-in/
- Ag brath ar aoiseanna agus inniúlachtaí na leanaí/na ndaoine lena bhfuil tú ag obair, chomh maith leis an am a bhfuil tú sásta a thabhairt don fhoghlaím seo faoi obair an OCO, iarr ar na leanaí/daoine óga cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an OCO chun teacht ar thrí fhíric nua mar gheall ar obair an OCO le roinnt leis an rang/grúpa iomlán. Bailithe le chéile, d'fhéadfadh an t-eolas atá faighte ag na leanaí/daoine óga bheith mar bhunchloch do phóstaer a bheadh taobh le taobh le póstaer an OCO.

Ceisteanna agus freagraí thráth na gceist, mar fhoinse tagartha duitse:

1 Cé a cheap Niall Muldoon mar Ombudsman do Leanaí agus cathain a tharla sin?

Cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín Niall Muldoon mar Ombudsman do Leanaí i mí Feabhra 2015.

2 Cén post a bhí ag Niall ar feadh beagnach 20 bliain sular ceapadh é le bheith mar Ombudsman do Leanaí?

Ba shíceolaí é Niall.

3 Ainmnigh rud amháin a d'fhoghlaim Niall óna obair a bhí ar siúl aige sular ceapadh é le bheith mar Ombudsman do Leanaí.

Beidh aon cheann de na trí fhreagra seo a leanas ceart:

- Ní léirítear meas ná ní chaitear go deas le leanaí i gcónaí.
- Féadann leanaí agus daoine óga déileáil le deacrachtaí ollmhóra sa saol, tríd a gcuid misnigh féin agus nuair a fhaigheann siad an tacaíocht cheart.
- Tá sé tábhachtach éisteacht le leanaí agus daoine óga má tá tú ag iarraidh réiteach oiriúnach a shocrú dóibh.

4 Tá dlí ann a deir cad atá le déanamh ag Niall ina phost mar Ombudsman do Leanaí. Cad is ainm don dlí sin?

An tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002

5 Ainmnigh rud amháin a dhéanann Niall agus an fhoireann ag Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) chun a chinntiú go léirítear meas ar chearta leanaí.

Tá aon cheann acu seo a leanas ceart:

- Tuairimí leanaí agus daoine óga maidir le mórcheisteanna éagsúla a fháil amach
- Tacú le daoine chun go mbeidh siad eolach ar chearta leanaí
- Comhairle a chur ar an Rialtas agus ar dhaoine eile chun a chinntiú go n-oibríonn dlíthe agus pleananna eile ar bhealach maith, ar dlíthe/pleananna iad a mbeadh tionchar acu ar leanaí agus daoine óga agus go léirítear cearta leanaí iontu

6 Cé mhéid gearán atá faighte ag an OCO ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2004?

Os cionn 12,000 gearán

7 Cén grúpa daoine óna dtagann an líon is mó gearán ar ghá don OCO déileáil leo?

Leanaí agus tuismitheoirí na leanaí/na ndaoine óga sin

8 Tabhair dhá shampla de rudaí faoina ndéanann daoine gearán leis an OCO.

Bheadh aon dá cheann acu seo a leanas ceart:

- cúram sláinte
- oideachas
- tithíocht
- cosaint leanaí

9 Caithfidh an OCO bheith neamhspleách ina chuid oibre ar fad. Cad eile is gá don OCO a bheith nuair atá sé ag déileáil le gearáin?

Caithfidh an OCO bheith cóir cothrom.

10 Cé chomh fada is féidir le Niall Muldoon bheith ina Ombudsman do Leanaí?

6 bliana, agus b'fhéidir 6 bliana eile ina dhiaidh sin (suas go 12 bhliain san iomlán)

Haileo

Niall Muldoon is ainm dom agus is mise an tOmbudsman do Leanaí in Éirinn.

Cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín mé mar Ombudsman do Leanaí i mí Feabhra 2015. Is mór an onóir é gur roghnaíodh mise chun an post tábhachtach seo a dhéanamh. Is mór millteach an onóir é leis gur cheap na leanaí agus na daoine óga a chuir agallamh orm mar pháirt den phróiseas roghnúcháin go raibh mise oiriúnach le bheith I mo Ombudsman do Leanaí.



Bhí fonn orm i gcónaí bheith ag obair le leanaí. Sula bhfuair mé an post seo, chaith mé beagnach 20 bliain ag obair mar shíceolaí. Bhí an-chuid de mo chuid oibre dírithe ar leanaí agus leanaí a choimeád slán ó dhíobháil. Uaidh seo agus ó obair eile atá déanta agam, chonaic mé nach léirítear meas ná ní chaitear go deas le leanaí i gcónaí. Tuigim gur féidir le leanaí agus le daoine óga déileáil le deacrachtaí ollmhóra sa saol, tríd a gcuid misnigh féin agus nuair a fhaigheann siad an tacaíocht cheart. Agus d'fhoghlaim mé cé chomh tábhachtach is atá sé éisteacht le leanaí má tá tú ag iarraidh réiteach oiriúnach a shocrú dóibh.

Mar Ombudsman do Leanaí, is é is aidhm don phost agamsa ná a chinntiú go léirítear meas ar chearta leanaí agus go bhfeicfeadh gach leanbh agus duine óg faoi 18 mbliana d'aois in Éirinn iad i bhfeidhm.

Tá dlí ann darbh ainm an tAcht um Ombudsman do Leanaí a insíonn dom cad is gá domsa agus do m'fhoireann a dhéanamh. San obair againn, is gá dúinn:

- tuairimí leanaí agus daoine óga maidir le mórcheisteanna éagsúla a fháil amach
- tacaíocht a thabhairt do dhaoine, leanaí agus daoine óga ina measc, foghlaim faoi chearta leanaí, agus
- comhairle a chur ar an Rialtas agus ar dhaoine eile chun a chinntiú go n-oibríonn dlíthe agus pleananna eile ar bhealach maith, ar dlíthe agus pleananna iad a mbeadh tionchar acu ar leanaí agus daoine óga agus go léirítear cearta leanaí iontu

Gné thábhachtach eile den obair a bhíonn ar siúl agam ná déileáil le gearáin. Féadann leanaí agus daoine óga gearán a chur isteach chugainn, nó is féidir le duine fásta gearán a dhéanamh ar a son. Táimid tar éis déileáil le breis is 12,000 gearán ó bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí sa bhliain 2004 agus is ó thuismitheoirí leanaí agus dhaoine óga a thagann an chuid is mó de na gearáin sin.

Is féidir le daoine gearán a chur isteach chugainn má cheapann siad go bhfuil eagraíocht phoiblí (ospidéal, láthair oibre sóisialta nó scoil, mar shampla) tar éis rud éagórach a dhéanamh agus go raibh drochthionchar aige ar leanbh. Is faoi an-chuid rudaí éagsúla iad na gearáin seo, mar shampla cúram sláinte, oideachas, tithíocht agus cosaint leanaí.

Nuair a dhéanaimid gearán a scrúdú, caithfimid a bheith neamhspleách. Caithfimid a bheith cóir chomh maith agus a chinntiú go dtuigimid an dá thaobh den scéal. Ciallaíonn sé seo gur gá dúinn éisteacht go gear lena bhfuil le rá ag na daoine uile i gceist. Is féidir linn moltaí a thabhairt ansin faoi cad is féidir a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach.

Is féidir liom bheith i m'Ombudsman ar feadh sé bliana, agus sé bliana eile i ndiaidh sin b'fhéidir. I rith an ama sin, leanfaidh mise agus m'fhoireann ar aghaidh ag déanamh ár ndícheall áit níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do leanaí agus do dhaoine óga. Níl sé éasca, ach braithim go bhfuil an t-ádh dearg liom an post seo a bheith agam agus tá sé iontach bualadh le agus foghlaim ó na leanaí agus na daoine óga agus mé ag obair.

Tá súil agam go bhfuil pictiúr soiléir tugtha agam daoibh faoin bpost seo agam san OCO.

Slán go fóill agus tugaigí aire,



Niall Muldoon
An tOmbudsman do Leanaí

Ombudsman do Leanaí

Bileog Thráth na gCeist

- 1 Cé a cheap Niall Muldoon mar Ombudsman do Leanaí agus cathain a tharla sin?
- 2 Cén post a bhí ag Niall ar feadh beagnach 20 bliain sular ceapadh é le bheith ina Ombudsman do Leanaí?
- 3 Ainmnigh rud amháin a d'fhoghlaim Niall ón obair a bhí ar siúl aige sular ceapadh é le bheith ina Ombudsman do Leanaí.
- 4 Tá dlí ann a deir cad atá le déanamh ag Niall ina phost mar Ombudsman do Leanaí. Cad is ainm don dlí sin?
- 5 Ainmnigh rud amháin a dhéanann Niall agus an fhoireann ag Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) chun a chinntiú go léirítear meas ar chearta leanaí.
- 6 Cé mhéid gearán atá faighte ag an OCO ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2004?
- 7 Cén grúpa daoine óna dtagann an líon is mó gearán ar ghá don OCO déileáil leo?
- 8 Tabhair dhá shampla de rudaí faoina ndéanann daoine gearán leis an OCO.
- 9 Caithfidh an OCO bheith neamhspleách ina chuid oibre ar fad. Cad eile is gá don OCO a bheith nuair atá sé ag déileáil le gearáin?
- 10 Cé chomh fada is féidir le Niall Muldoon bheith mar Ombudsman do Leanaí?

Gníomh 2 Cearta i rith an Lae

Aidhm

- Cearta leanaí a chur i láthair do leanaí/daoine óga agus cuidiú leo naisc a dhéanamh idir a gcearta, faoi mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC), agus a saol féin.

Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

- Clár nó smeach-chairt chun tuairimí na leanaí/na ndaoine óga a bhreacadh síos
- Cóip den bhileog gníomhaíochta *Cearta i rith an Lae* agus den *Achoimre ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh* do gach grúpa beag leanaí/daoine óga
- Pinn/pinn luaidhe do na leanaí/daoine óga chun gur féidir leo an bhileog gníomhaíochta a líonadh isteach
- Cóip den phóstaer a léiríonn cearta leanaí faoi mar atá leagtha amach san UNCRC, ar taispeáint sa rang

Seans go mbeadh sé úsáideach duit an Comhad Fíricí maidir le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus Bunreacht na hÉireann a bheith ar fáil duit mar fhoinsé tagartha i rith an ghnímh, más cuí agus más gá.

Céimeanna

Tosaigh mar seo:

- Le haon obair eile atá déanta agat leis na leanaí/daoine óga i dtaca le cearta daonna/cearta leanaí san áireamh:
 - Iarr ar na leanaí/daoine óga cad a cheapann siad atá i gceist le ‘cearta’ agus soiléirigh an coincheap dóibh más gá.¹
 - Lean ar aghaidh uaidh sin agus iarr ar na leanaí/daoine óga cé na cearta, dar leo, atá ag leanaí agus daoine óga agus iarr orthu cén fáth ar roghnaigh siad sin.
 - Cuir Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh i láthair do na leanaí/daoine óga. (Cé go ndíríonn an gníomh seo ar chearta leanaí faoin UNCRC, seans gur mhaith leat tagairt ghairid a dhéanamh do Bhunreacht na hÉireann chomh maith)

Forbair mar seo:

- Roinn na leanaí/daoine óga ina ngrúpaí beaga. Tabhair cóip den bhileog gníomhaíochta *Cearta i rith an Lae* do gach grúpa. Iarr ar na leanaí/daoine óga obair le chéile ina ngrúpaí chun dialann lae a chruthú trí liosta gníomhartha a scríobh amach sa chéad cholún ar an mbileog gníomhaíochta. Ag tosú ón uair go ndúisíonn siad ar maidin agus ag críochnú nuair a théann siad a chodladh istoíche, ba chóir dóibh seo a dhéanamh trí chúig rud éagsúla a dhéanann siad ar maidin a liostáil, cúig rud san iarnóin agus cúig rud a dhéanann siad san oíche (e.g. “gléasaim mé féin”, “ithim bricfeasta”. “cioraim mo chuid gruaige”, “téim ar scoil”, etc.). Má tá dialann á dhéanamh acu de lá scoile, spreag na leanaí/daoine óga le bheith ag smaoineamh ar a ndéanann siad ar scoil, i.e. roinnt de na hábhair a dhéanann siad, amanna lóin, etc.

¹ Tá an-chuid slite éagsúla gur féidir coincheap na “gceart” a shainmhíniú le agus do leanaí agus daoine óga. Ag braith ar aoiseanna agus inniúlachtaí na leanaí/daoine óga lena bhfuil tú ag obair, seans gur mhaith leat “ceart” a léiriú ar cheann de na bealaí seo a leanas: na rudaí atá i dteideal do dhaoine; éilimh dlisteanacha ar féidir leo a dhéanamh; na rudaí ar chóir do dhaoine a bheith acu agus na deiseanna is cóir a bheadh acu; na nithe atá ag teastáil ó dhaoine ó le maireachtáil, go mbeadh borradh orthu (lán a gcumais a bhaint amach), le bheith slán agus chun a bheith páirteach go gníomhach sa tsochaí.

- 3 Nuair atá an dialann líonta acu i gcolún a haon, tabhair cóip do gach grúpa den bhileog *Achoimre ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh*. Iarr ar gach grúpa an achoimre seo a úsáid chun nasc a aimsiú idir gach gníomh atá liostaithe acu agus ceart amháin atá ag leanaí agus daoine óga faoin UNCRC (e.g. “gléasaim mé féin” – an ceart éadaí a bheith agat, “ithim bricfeasta” – an ceart bia a bheith agat; etc.). Spreag na leanaí/daoine óga le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach agus obair le chéile chun liosta ceart a chruthú sa dara colún, ina mbeidh an méid cearta agus is féidir leo a chur isteach iontu. Mar shampla, in áit bricfeasta, lón agus dinnéar a nascadh leis an “ceart bia bheith agat”, d’fhéadfadh siad smaoineamh ar an áit ina bhfuil siad agus cé atá ina gcomhlúadar ag na béilí éagsúla agus, dá réir, aon chearta eile a bheadh i gceist ag na hamanna sin.
- 4 Nuair a bhíonn na leanaí/daoine óga ag obair ina ngrúpaí, déan cóip gharbh den bhileog gníomhaíochta ar an gclár/smeach-chairt. Nuair atá na bileoga gníomhaíochta comhlánaithe ag na leanaí/daoine óga, iarr ag gach grúpa beag aiseolas a thabhairt agus dhá nó trí shampla de ghníomhartha atá liostaithe acu sa dialann agus an nasc gaolmhar atá faighte acu idir na gníomhartha seo agus ceart atá ag leanaí faoin UNCRC. Ní mór don chéad ghrúpa samplaí de rudáí a dhéanann siad go luath ar maidin a sholáthar chun gur féidir, nuair a iarrann tú eolas ar gach grúpa agus an t-aiseolas uathu a bhreacadh síos, dialann chumaisc a dhéanamh ar an gclár/smeach-chairt a liostaíonn na gníomhartha a dhéanadh leanaí/daoine óga i rith an lae agus na cearta a ghabhann leis na gníomhartha seo.

Críochnaigh mar seo:

- 5 Chun críoch a chur leis an ngníomh, iarr ar na leanaí/daoine óga machnamh a dhéanamh gur chóir go mbeadh cearta leanaí ag gach leanbh agus duine óg ina saol laethúil. Míniú, trí na cearta atá ag leanaí/daoine óga a ainmniú agus trí thíortha (Stáit) amhail Éire a spreagadh le tiomantas a thabhairt meas, cosaint agus aitheantas a thabhairt do na cearta seo, go gcuireann conarthaí idirnáisiúnta mar UNCRC spriocanna ar fáil do thíortha (Stáit) ar chóir dóibh iad a bhaint amach.

(Dá mba rud é go ndearna tú tagairt do Bhunreacht na hÉireann i réamhrá an ghnímh seo, seans go bhféadfá a lua leis na leanaí/daoine óga chomh maith, i gcás dlíthe náisiúnta na hÉireann (ag tosú leis an mBunreacht), gur féidir leis na dlíthe seo cearta atá ag daoine (leanaí agus daoine óga san áireamh) a ainmniú agus go gcuireann siad de dhualgas ar Stát na hÉireann meas a léiriú, cosaint agus aitheantas a thabhairt do na cearta seo.)

Moltaí chun an gníomh seo a oiriúnú

- In áit na leanaí/daoine óga a roinnt ina ngrúpaí beaga don ghníomh *Ceartha i rith an Lae*:
 - D'fhéadfá iarraidh orthu é a dhéanamh leo féin nó i mbeirteanna nó
 - D'fhéadfá iarraidh ar an rang ar fad an gníomh a dhéanamh le chéile, agus tusa ag liostáil a moltaí de na gníomhartha laethúla ar an gclár/smeach-chairt chomh maith leis na naisc a fheiceann siad idir gach gníomh agus cearta leanaí atá sa UNCRC.

Moltaí leis an ngníomh a leathnú

- Nuair atá an gníomh *Ceartha i rith an Lae* curtha i gcrích agat, d'fhéadfá comhrá leantach a bheith agat leis na leanaí/daoine óga. Seo a leanas roinnt ceisteanna a d'fhéadfaí a chur chun an comhrá a dhíriú:
 - An bhfuil ionadh orthu faoin méid ceart atá bainteach lena saol laethúil? Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil?
 - An bhfuil ionadh orthu go n-aithnítear aon cheann de na cearta faoin UNCRC mar cheart do leanaí agus daoine óga? Má tá, cén fáth sin?
 - Cé a cheapann siad a bhfuil ról aige/aici i gcinntiú go n-aithnítear na cearta éagsúla liostaithe acu sa dialann mar cheart laethúil acu féin agus/nó i saol leanaí agus daoine óga eile in Éirinn? Cén ról, má tá ról ar bith, atá ag na leanaí/daoine óga féin sa scéal? Le tagairt do cheart nó dhó, an féidir leo eiseamláireacha doshéanta a sholáthar den saghas ruda a dhéanann na daoine atá aitheanta acu chun a chinntiú go léirítear meas ar na cearta seo?
- Iarr ar na leanaí/daoine óga obair leo féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun ceart a aithint a cheapann siad a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis agus teachtaireacht bheag a chumadh a mhíníonn cén fáth a gceapann siad go bhfuil sé chomh tábhachtach sin. Nuair is cuí, d'fhéadfá iarraidh orthu a dteachtaireachtaí ar fad a chruthú mar phóstaer, cárta poist nó é phostáil ar mheán sóisialta (e.g. tweet, facebook, íomhá/grianghraif ar instagram nó mar snap ar snapchat). D'fhéadfá ansin taispeántas dá gcuid teachtaireachtaí a chur suas sa seomra ranga. Sula gcumann siad a dteachtaireachtaí féin, d'fhéadfá iarraidh ar na leanaí/daoine óga dul go suíomh gréasáin OCO *It's Your Right* (www.itsyourright.ie) agus féachaint agus éisteacht lena bhfuil le rá ag leanaí agus daoine óga eile faoin gciall a thógann siad siúd as cearta éagsúla leanaí faoin UNCRC.
- Ag úsáid na n-íocón atá ann do chearta éagsúla ar an bpóstaer UNCRC mar phointe tosaigh, iarr ar na leanaí/daoine óga obair a dhéanamh leo féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun a n-íocóin féin a chruthú do cheart linbh faoin UNCRC atá an-tábhachtach dóibh siúd. Déan taispeántas ranga de na híocóin go léir a chruthaítear.

Cearta i Rith an Lae

Bileog Shamplach do Mhúinteoirí



Cearta i rith an Lae



	Gníomhartha	Cearta
Maidin	Brush teeth have breakfast get dressed have a shower	clean water Food Clothes clean water
Iarnóin	Play Socialize lunch Reading	Play + Rest Friends Food education
Oíche	Watch T.V Dinner get ready for bed. Spend time with family.	getting information Food Clothes Family and care



Cearta i rith an Lae

	Gníomhartha	Ceartha
Maidin 		
Iarnóin 		
Oíche 		

Achoimre ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

Is conradh idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostálann na cearta atá ag gach leanbh agus duine óg faoi 18 mbliana d'aois:

- go gcaitear go cothrom agus go cóir leat
- bia sláintiúil
- cúram sláinte
- náisiúntacht
- príobháideacht
- oideachas
- eolas a fháil agus bheith cosanta ó eolas díobhálach
- go ndéanann daoine cinntí bunaithe ar bharr do leasa
- ainm
- sos agus súgradh/áineas
- bheith slán ó dhíobháil
- meas ar do theanga, cultúr agus reiligiún
- baile
- éadaí
- go n-éistear leat nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh a bhfuil tionchar acu ort
- teaghlach agus cúram
- uisce glan
- bheith cosanta ó obair a dhéanfadh díobháil duit nó a dhéanfadh tú a dhúshaothrú
- go mbeadh tú eolach ar do chuid ceart agus freagrachtaí

Gníomh 3 Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin

Aidhm

- An deis a thabhairt do leanaí agus daoine óga plé, aithint agus aontú ar bhealaí maithe le feasacht agus tuiscint ar chearta leanaí agus daoine óga i measc leanaí agus daoine óga a spreagadh.
- An deis a thabhairt do leanaí agus daoine óga a gcuid smaointe a roinnt leis an Ombudsman do Leanaí agus obair an OCO a stiúradh, is é sin feasacht a mhéadú ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga amach anseo

Na rudaí a bheidh uait

- Ceithre chóip de bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin*, ceann do gach grúpa beag leanaí/daoine óga.
- Pinn/pinn luaidhe agus páipéar chun go mbeidh na leanaí/daoine óga in ann a smaointe tosaigh a bhreacadh síos sula n-aontaíonn siad ar a ngearrliosta aontaithe smaointe agus sula gcuireann siad isteach é san áit cheart ar bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin*.
- Clár/smeach-chairt chun smaointe na leanaí/daoine óga a liostáil
- Cóip den *Bhileog Aiseolais le seoladh ar ais chuig an OCO* chun smaointe deiridh na leanaí/na ndaoine óga a bhreacadh síos agus a chomhlánú roimh é a sheoladh chuig an OCO
- Roghnach: Cóip amháin den bhileog íomhánna a léiríonn obair an OCO chun feasacht ar chearta leanaí a mhéadú a thabhairt do gach leanbh/duine óg nó le roinnt i measc leanaí/daoine óga i bpéirí nó i ngrúpaí beaga

Seans nár mhiste na Comhaid Fíricí agus na póstaí mar gheall ar an OCO agus an UNCRC a bheith ar fáil agat mar fhoinsé tagartha i rith an ghnímh, más gá.

Céimeanna

Tosaigh mar seo:

- 1 Sula roinneann tú na leanaí/daoine óga ina ngrúpaí beaga agus sula dtugann tú cóip den bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin* dóibh, cuir leis an obair atá déanta agat an tOmbudsman do Leanaí agus cearta leanaí a chur in aithne do na leanaí/daoine óga trí seo a leanas a dhéanamh:
 - I measc na gceart atá ag leanaí agus daoine óga faoin UNCRC tá an ceart acu tuiscint a bheith acu ar a gcearta.
 - Ceann de na dualgais atá ar an Ombudsman do Leanaí agus ar an OCO faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 ná feasacht ar chearta leanaí a mhéadú, i measc leanaí agus daoine óga chomh maith agus ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
- 2 Tabhair roinnt samplaí do na leanaí/daoine óga den tslí a bhfuil an OCO ag déanamh a gcuid oibre faoi láthair. Más mian leat, bain úsáid as an mbileog íomhánna a cuireadh ar fáil mar phointe tagartha. Seo a leanas roinnt samplaí:
 - Reáchtálann an OCO ceardlanna do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thugann cuairt ar a n-oifig i mBÁC.
 - Nuair is féidir leo, tugann an tOmbudsman do Leanaí agus foireann an OCO cuairt ar leanaí agus daoine óga ina scoileanna agus buaileann siad le leanaí agus daoine óga trí chlubanna, tionscadail agus tionscnaimh áirithe a bhfuil siad páirteach iontu.
 - Tá suíomh gréasáin ag an OCO darb ainm *It's Your Right*, a úsáideann meáin éagsúla (íomhánna, focail, fuaim, fíis) chun feasacht ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga a mhéadú.

- Tá ábhair cruthaithe agus seolta ag an OCO go scoileanna chun gur féidir le leanaí agus daoine óga tuilleadh a fhoghlaim faoi chearta leanaí ar scoil, le cúnamh óna múinteoirí.
- 3 Míniú gur mhaith go mór leis an Ombudsman do Leanaí a gcuid smaointe a chloisteáil maidir le conas is féidir leis an OCO, dar leo, feacht agus tuiscint a mhéadú ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga amach anseo. Seiceáil leis na leanaí/daoine óga an bhfuil siad toilteanach a gcuid smaointe ar an ábhar seo a roinnt leis an Ombudsman do Leanaí agus leis an OCO.
- 4 Má tá na leanaí/daoine óga toilteanach a gcuid smaointe a roinnt, cuir na ceithre cheist seo faoina mbráid, agus athraigh an teanga más cuí lena n-aoiseanna agus a n-inniúlachtaí san áireamh. Spreag na leanaí/daoine óga chun cúpla freagra féideartha a mholadh ar gach ceann de na ceithre cheist:
 - **Cá háit** ónar mhaith leat eolas a fháil faoi chearta leanaí?
(e.g. scoil, tionscadal óige, suíomh gréasáin, ag an OCO, ar mheáin shóisialta (e.g. Facebook, Instagram))
 - **Cé hé/hí** go mbeadh tú muiníneach agus sásta glacadh le heolas uathu maidir le cearta leanaí?
(e.g. tuismitheoir, múinteoir, oibrí óige, cara, an OCO)
 - **Céard** iad na saghsanna eolais a mbeadh spéis agat iontu a fháil i dtéarmaí cearta leanaí?
(e.g. fíricí, scéalta, cás-staidéir, dearcthaí leanaí agus daoine óga eile, eolas faoi eagraíochtaí a bhíonn ag obair ar son cearta leanaí)
 - **Conas** ba mhaith leat go léireofaí an t-eolas sin duit maidir le cearta leanaí?
(e.g. i bhfoirm scríofa, íomhánna/grianghraif, gearrthóga fuaime, gearrthóga físe, meascán de mheáin éagsúla)

Forbair mar seo:

- 5 Roinn na leanaí/daoine óga ina gceithre ghrúpa. Tabhair cóip de bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin* do gach grúpa. Tabhair ceist amháin in aghaidh an ghrúpa dóibh ón mbileog ghníomhartha.
- 6 Iarr ar na leanaí/daoine óga bheith ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun:
 - smaointe a phlé eatarthu féin maidir leis an gceist a cuireadh orthu, ag breacadh síos gach smaoinemh agus fáth amháin a mbeadh gach smaoinemh a roghnaíonn siad ina smaoinemh maith;
 - athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid smaointe go léir agus an fáth a gceaptar gur smaointe maithe iad;
 - pléigh, aontaigh ar agus cruthaigh gearrliosta suas go cúig smaoinemh;
 - scríobh síos na smaointe is fearr acu (ag úsáid eochairfhocal) sa bhosca a bhaineann lena gceist siúd ar bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin*.

Míniú go mbeidh tú ag iarraidh ar gach grúpa aiseolas a thabhairt maidir lena ngearrliosta smaointe agus na fáthanna leis na smaointe sin os comhair an ranga.

Rialacha bunaidh

Sula dtosaíonn na leanaí/daoine óga, d'fhéadfá roinnt rialacha bunaidh a shocrú chun iad a spreagadh le bheith ag obair ar bhealach cuimsitheach, comhoibríoch ina ngrúpaí beaga. Mar shampla :

- Léireoidimid meas ar a chéile agus déanfaimid comhoibriú lena chéile inár ngrúpa.
- Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ar na ceistanna seo - níl ann ach smaointe.
- Déanfaimid cinnte de go mbeidh an deis chothrom, chéanna ag gach éinne inár ngrúpa a smaointe a chur in iúl.
- Cuirfimid tuairimí gach aon duine sa ghrúpa san áireamh.
- Ní chuirfimid ar an ngearrliosta ach smaoinemh a bhfuilimid go léir tar éis aontú air agus an fáth a gceapaimid gur smaoinemh maith é.

- 7 Téigh timpeall go gach grúpa leanaí/daoine óga agus iad ag obair agus fiosraigh conas mar atá ag éirí leo. Tabhair tuilleadh soiléirithe agus/nó tacaíochta, más gá.
- 8 Bailigh na leanaí/daoine óga ina rang iomlán arís. Iarr ar gach grúpa beag an cheist a cuireadh orthu a roinnt leis an rang, cad iad na smaointe ar aontaigh siad orthu agus cén fáth. Déan nóta de na smaointe is fearr ó gach grúpa ar chlár/smeach-chairt.
- 9 Míniú gurb iad na smaointe sin ar an gclár/smeach-chairt, nuair a bheidh siad tugtha chun críche, na smaointe a chuirfidh an rang isteach chuig an Ombudsman do Leanaí. Tabhair an deis don rang athbhreithniú a dhéanamh ar na smaointe ar an gclár/smeach-chairt i gcás gach ceiste. Tacaigh leis an rang, ach go háirithe, plé a dhéanamh maidir lena ndéanann na smaointe nascadh go maith lena chéile agus mol agus aontaigh ar aon leasú is gá a dhéanamh. Mar shampla:
 - Más rud é gur aithin grúpa amháin leanaí/daoine óga an scoil mar cheann de na háiteanna inar mhaith leo eolas a fháil mar gheall ar chearta leanaí, ar aithin grúpa eile múinteoirí mar aonad a d'fhéadfadh siad muinín a bheith acu astu agus bheith sásta glacadh le heolas uathu siúd mar gheall ar chearta leanaí? Murar tharla seo, ar mhaith leis an rang múinteoirí a chur ar an liosta anois de na daoine a mbeadh muinín acu astu agus a mbeadh siad sásta eolas a fháil uathu mar gheall ar chearta leanaí?

Críochnaigh mar seo:

- 10 Nuair atá na leanaí/daoine óga sásta glacadh leis na smaointe ar an gclár/smeach-chairt, iarr ar dheonaí nó deonaithe na boscaí a líonadh ar an mbileog aiseolais a chuirfidh tú ar ais go hOifig an Ombudsman do Leanaí ar a son. D'fhéadfá féin, b'fhéidir, an bhileog aiseolais a líonadh isteach agus a chur ar ais chuig an OCO. **Seol fótachóip den Bhileog Aiseolais chuig an OCO ar dháta nach déanaí ná an 30 Samhain 2016, le do thoil.** Go raibh maith agat.

Moltaí chun an gníomh a chur in oiriúint do do ghrúpa féin

- Má tá an deis agat ó thaobh ama is teicneolaíochta sa seomra ranga de, d'fhéadfá, b'fhéidir, an suíomh gréasáin *It's Your Right* (www.itsyourright.ie) a thaispeáint do na leanaí/daoine óga mar shampla den tslí a bhfuil an OCO, anuas ar bheith ag obair le leanaí agus daoine óga go pearsanta, ag baint úsáide as teicneolaíocht chun feasacht a mhéadú maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga.
- Má tá an teicneolaíocht chuí ar fáil agat, d'fhéadfá na hábhair acmhainne *Bí Linn* ar shuíomh gréasáin an OCO a oscailt agus an leathanach le híomhánna a léiríonn obair an OCO chun feasacht agus tuiscint a mhéadú maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga a thaispeáint dóibh. Tá na hábhair seo ar fáil ag www.oco.ie/education-and-human-rights/special-projects/tune-in/
- Tá an-chuid slite inar féidir leat cabhrú leis na leanaí/daoine óga a mbíonn tú ag obair leo a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na mórcheistanna sa chomhairliúchán OCO *Bí Linn*. An fáth leis an gcur chuige thuas ná deis a thabhairt do gach grúpa beag leanaí/daoine óga am a bheith acu roinnt smaointe a phlé, machnamh a dhéanamh agus aontú orthu mar fhreagra ar cheist áirithe, agus is féidir leis sin an obair a stiúradh don rang go léir a smaointe ar gach ceann de na ceistanna don Ombudsman do Leanaí a thabhairt chun críche. Leis an am ar féidir leat a chur ar fáil chun an gníomh seo a dhéanamh san áireamh, chomh maith le haoiseanna, inniúlachtaí agus stíleanna foghlama na leanaí/na ndaoine óga a mbíonn tú ag obair leo, tá slite eile ann chun cabhrú leo a smaointe a chur in iúl mar gheall ar na ceistanna a cuireadh orthu, is iad sin:
 - **Timpeallán Tobsmaointeoireachta (Carousel Brainstorming)** – Nuair atá na leanaí/daoine óga deighilte ina ngrúpaí beaga agat, cuir gníomh “Timpeallán Tobsmaointeoireachta” ar bun a chuirfeadh ar chumas gach grúpa déileáil le gach ceann de na ceithre cheist sula lorgaíonn tú aiseolas uathu don chlár/smeach-chairt.
 - **Tobsmaointeoireacht Ranga (Class brainstorming)** – Déan babhta tobsmaointeoireachta ranga maidir leis na ceithre cheist, ag déanamh nóta de na smaointe agus na fáthanna a ghabhann leo ar an gclár/smeach-chairt. Ag obair leis na hábhair atá scríofa ar an gclár/smeach-chairt, cuidigh leis an rang athbhreithniú, leasú agus aontú ar shraith smaointe le cur isteach chuig an Ombudsman do Leanaí.

- **Ceistneoir Aonair** – Tabhair cóip an duine do na leanaí/daoine óga de bhileog ghníomhartha *Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin* (nó leagan eile atá oiriúnaithe agat féin). Iarr ar gach leanbh/duine óg atá toilteanach bheith páirteach sa chomhairliúchán teacht ar a smaointe féin mar fhreagra ar gach ceist agus sin a scríobh síos ar an mbileog (d’fhéadfadh seo bheith mar obair bhaile). Suimigh na torthaí agus cuir i láthair iad don rang. Úsáid na torthaí chun plé ranga a chur ar bun a ligfeadh don rang aontú ar shraith smaointe mar fhreagra ar gach ceist, a chuirfidh siad ar aghaidh ansin chuig an Ombudsman do Leanaí.
- **Díospóireacht Siúil (Walking Debate)** – Cuir seisiún tobsmaointeoireachta ranga tapa ar bun maidir le gach ceann de na ceisteanna agus déan nóta de na smaointe go léir ar an gclár/smeach-chairt. Úsáid na smaointe tosaigh seo mar bhonn don díospóireacht siúil a chuireann ar chumas na leanaí/na ndaoine óga iniúchadh, plé agus leasú a dhéanamh ar na smaointe a tháinig uathu ar dtús. Déan nóta de na freagraí is fearr ar gach ceist faoi mar a thagann siad amach sa díospóireacht siúil. Tacaigh leis an rang ansin aontú ar shraith smaointe le cur isteach chuig an Ombudsman do Leanaí.
- **Colláis** – Cabhraigh leis na leanaí/daoine óga sa rang colláis ranga a dhéanamh a thugann freagra pictiúrtha ar na ceithre cheist. Má roghnaíonn tú glacadh leis an gcur chuige seo, líon go hiomlán an *Bhileog Aiseolais le seoladh ar ais chuig an OCO* le do thoil. Bheadh sé go hiontach dá bhféadfá seo a sheoladh chugainn agus, más féidir, an cholláis féin nó fótachóip/grianghraif de.

Moltaí chun an gníomh a leathnú

- D’fhéadfadh an gníomh seo tionscadal ranga a thosú b’fhéidir, a bheadh dírithe ar phlean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a mhéadú ar chearta leanaí agus/nó obair Oifig an Ombudsman do Leanaí i measc leanaí/daoine óga eile (e.g. ar scoil nó sa phobal áitiúil) (e.g. trí leabharlann nó ionad pobail áitiúil)).

Seo a leanas roinnt ceisteanna a d’fhéadfaí a úsáid chun tacú le leanaí/daoine óga a bplean cumarsáide a fhorbairt:

- Cé hiad an lucht éisteachta?
- Cad iad na príomhtheachtaireachtaí ar ghá/mhian linn a rá leis an lucht éisteachta seo?
- Cad iad na bealaí maithe atá againn leis na teachtaireachtaí seo a chur in iúl don lucht éisteachta againn?
- Cé uaidh/uaithi a bhfuil tacaíocht uainn chun an plean seo a chur i gcrích?
- An mbeidh seoladh againn? Más rud é go mbeidh, cathain, cá háit, cé bheidh ann agus cad a dhéanfaimid féin?
- Cad a bheidh uainn chun an plean seo a bhaint amach? (gníomhartha)
- Cé a bheidh i bhfeighil ar na nithe éagsúla?

Ar an mbonn seo, d’fhéadfá cabhrú leis na leanaí/daoine óga roinnt taighde a dhéanamh teacht ar shainroghanna pearsanta an lucht éisteachta céanna (i.e. cad atá uathu/cad is mian leo a bheith ar eolas acu agus conas mar ar mhaith leo go gcuirfí an t-eolas sin in iúl dóibh). D’fhéadfadh torthaí an taighde seo obair ón rang a stiúradh agus iad ag forbairt plean cumarsáide. I ndiaidh an tionscadal a chur i bhfeidhm, d’fhéadfadh an rang athbhreithniú a dhéanamh ar a ndearna siad chun a fheiceáil cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo agus cad iad na nithe, más ann dóibh, a dhéanfaidh siad ar bhealach éagsúil.

Oifig an Ombudsman do Leanaí

Feasacht a Mhéadú ar Chearta Leanaí i measc Leanaí agus Daoine Óga

We think that we should all have right to express ourselves no matter what nationality, colour of skin or shape of size !!

Equality ## Express yourself.



"The right to express your views when decisions are being made that affect you"

- It's important that young people aren't ignored when decisions affecting them are made.
- Young people's opinion must be taken on board and taken seriously



it's your right

Do Chearta Féin, Do Smaointe Féin



Slite Maithe le Leanaí agus Daoine Óga a chur
ar an eolas maidir le Cearta Leanaí

CÁ hÁIT ónar mhaith leat eolas a fháil faoi
chearta leanaí?

CÉ hÉ-hÍ a mbeadh tú muiníneach agus sásta
glacadh le heolas uathu maidir le cearta leanaí?

CÉARD iad na saghsanna eolais a mbeadh spéis
agat iontu i dtéarmaí cearta leanaí?

CONAS ba mhaith leat go léireofaí an t-eolas sin
duit maidir le cearta leanaí?

Bileog Aiseolais le seoladh ar ais chuig an OCO

Ainm na Scoile: _____

An rang óna bhfuil na smaointe seo ag teacht (e.g. rang a 3, bliain a 2): _____

Líon iomlán na leanaí/na ndaoine óga a ghlac páirt ann: _____

Raon aoise na leanaí/na ndaoine óga a ghlac páirt (e.g. 11-12 bhliain d'aois): _____

Smaointe Deiridh:

CÁ hÁIT ónar mhaith leat eolas a fháil faoi chearta leanaí?	
CÉ hÉ-hÍ a mbeadh tú muiníneach agus sásta glacadh le heolas uathu maidir le cearta leanaí?	
CÉARD iad na saghsanna eolais a mbeadh spéis agat iontu i dtéarmaí cearta leanaí?	
CONAS ba mhaith leat go léireofaí an t-eolas sin duit maidir le cearta leanaí?	

Ainm an mhúinteora atá á sheoladh seo ar ais chuig an OCO: _____ Dáta: _____

Buíochas ó chroí as bheith páirteach i *Bí Linn*.

Le do thoil, seol fótachóip den bhileog aiseolais ar dáta **nach déanaí ná an 30 Samhain 2016** chuig: **Bí Linn, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Teach na Mílaoise, 52-56 Sráid na Trá Bheag, BÁC 1**

Míle buíochas as páirt a ghlacadh i *Bí Linn.*



Seol fótachóip den bhileog aiseolais
chomhlánaithe chugainn **roimh an**
30 Samhain 2016 chuig:

Bí Linn, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Teach
na Mílaoise, 52-56 Sráid na Trá Mhór, BÁC 1



Oifig an Ombudsman do Leanaí

Teach na Mílaoise

52–56 Sráid na Trá Mhór

BÁC 1

Teil: (01) 865 6800

Rphost: oco@oco.ie

Gréasán: www.oco.ie